
Oifig Luachála
Valuation Office

# Tuarascáil Bhliantúil 2021







# **Réamhrá**
## an Choimisinéara Luachála

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil na hOifige Luachála don bhliain 2021 a chur i láthair an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, i gcomhréir le hAlt 41 den Acht Luachála 2001.

Sa tuarascáil seo, cuirtear cuntas cuimsitheach ar fáil ar ghníomhaíochta na hOifige le linn na bliana 2021 agus ar an obair a chuir ár mbaill foirne i gcrích thar ceann ár bpáirtithe leasmhara ar fad.

Lean an phaindéim COVID-19 de chur isteach ar ár gcláir oibre agus gníomhaíochtaí le linn na bliana 2021. Bhí an chuid is mó de bhaill foirne san Oifig Luachála in ann oibriú go sábháilte agus go héifeachtach ón mbaile, cé go raibh dúshláin oibríochta shuntasacha i gceist leis na srianta i rith na bliana 2021, díreach ar nós na bliana 2020. Mar gheall ar na srianta sláinte poiblí a bhí i bhfeidhm, bhí sé riachtanach an athluacháil a dhéanfaí ar mhaoine inrátáilte a chur siar i gceantair údaráis rátála Chomhairle Chontae an Chláir, Dhún na nGaill, na Gaillimhe, Chiarraí agus Mhaigh Eo agus Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus athluacháil mhaoine inrátáilte i gceantar údaráis rátála Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a chur siar tuilleadh.


In ainneoin an tionchar suntasach a bhí ag COVID-19 ar ár n-oibríochtaí, agus ar ghnónna chuid mhaith dár bpáirtithe leasmhara, chloíomar le clár suntasach gníomhaíochta agus seachadta, i gcomhréir leis na cuspóirí agus tosaíochtaí straitéiseacha a leagtar amach inár bPlean Straitéiseach trí bliana 2021 - 2023. Tá na héachtaí seo leagtha amach go mion sa tuarascáil seo.

Táim fíorbhuíoch do mo chomhghleacaithe ar an mBord Bainistíochta as a ndúthracht agus tiomantas i rith na bliana 2021. Trí oibriú i gcomhar lenár mbainisteoirí agus baill foirne, chuaigh siad i ngleic le go leor dúshláin nua i gcúinsí uathúla agus deacra. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do mo réamhtheachtaithe, na Coimisinéirí John O'Sullivan agus Declan Lavelle, as ucht ceannaireacht shaineolaíoch a thabhairt don Oifig sa bhliain 2021. Tá an tuarascáil seo ina léiriú ar a gcuid inniúlachtaí agus béim leanúnach ar thorthaí ar ardchaighdeán a bhaint amach.

Gabhaim buíochas leis na baill foirne sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta as an tacaíocht agus cuidiú luachmhar a thug siad i rith na bliana, agus as a ndúthracht i ndáil le cumasc na hOifige Luachála leis an Údarás Clárúcháin Maoine agus Suirbhéireacht Ordanáis Éireann i dTailte Éireann a chur chun cinn.

Chomh maith leis sin, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do chomhghleacaithe i Ranna agus Oifigí eile, go háirithe in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus in Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), a bhfuilimid ag obair i ndlúthchomhar leo i gcónaí agus a chuireann seirbhísí sárluachmhara ar fáil dúinn.

Ar deireadh, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun baill foirne na hOifige Luachála a mholadh mar gheall ar a ndúthracht agus díograis i rith na bliana 2021. Ba bhliain dheacair eile í seo don Oifig Luachála, agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don díocas, fuinneamh agus nuálaíocht a léirigh na baill foirne ar fad, ar bhonn indibhidiúil agus i dteannta a chéile, i ndáil le dul i ngleic leis an dúshlán a bhain leis an bpaindéim agus an tréimhse ina diaidh. Trí oibriú lena chéile, leanfaimid de luach poiblí a bhaint amach dár bpáirtithe leasmhara líonmhara.



**Colm Lavery**
An Coimisinéir Luachála
Feabhra 2022

# Sracfhéachaint ar an mbliain 2021

Cuireadh réimse leathan seirbhísí ar fáil IN AINNEOIN NA SRIANTA LEANÚNACHA Covid

ATHLUACHÁIL A CHUR SIAR i gcontaetha Reval 21 agus i limistéir údaráis áitiúil DLR

IONCAM BREISE €29.795 MILLIÚN cruthaithe d'údaráis áitiúla

Cuireadh tús leis na taifid & léarscáileanna cartlainne atá fanta A DHIGITIÚ

Cuireadh le caighdeáin TUAIRISCITHE AGUS COMHLÍONTA Ó THAOBH ACMHAINNÍ DE I NDÁIL LE LUACHÁIL MAOIN STÁIT

Luacháil Dhomhanda maidir le 2 FHÓNTAIS PHOIBLÍ curtha i gcrích

Céim na Pleanála do THIONSCADAL ICT AXIA curtha i gcrích

PROJECT AXIA

Luachálacha Sócmhainní atá níos mó ná €110 MILLIÚN CURTHA I GCRÍCH do chomhlachtaí poiblí

# Glossary

| | |
|---|---|
| **An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú** | Cuireann an Cód creat ar fáil do chomhlachtaí Stáit trádála agus neamhthrádála maidir leis an dea-chleachtas a chur i bhfeidhm i leith rialachas corparáideach. https://www.per.gov.ie/en/revised-code-of-practice-for-the-governance-of-state-bodies/ |
| **DPER** | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| **An Clár Náisiúnta Athluachála** | An clár arna chur i gcrích ag an Oifig Luachála trína ndéanfar athluacháil chórasach ar gach aon mhaoin inrátáilte in Éirinn de réir na n-údarás áitiúil. Is é seo an chéad chlár náisiúnta athluachála ó bhí lár an naoú céad déag ann |
| **OPW** | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| **Tionscadal AXIA** | An t-ainm inmheánach do thionscadal trína dtiocfaidh mórchóras ríomhaire nua isteach chun tacú le príomhoibríochtaí agus feidhmeanna na hOifige Luachála |
| **Athluacháil** | An próiseas trína gcuirtear luachálacha inrátáilte atá bunaithe ar luachanna cíosa comhaimseartha ar gach maoin i limistéar údaráis áitiúil ag an am céanna |
| **Reval2021** | An chéim reatha den Chlár Náisiúnta Athluachála, a chlúdaíonn athluacháil a dhéanamh ar gach maoin inrátáilte i gComhairle Contae an Chláir, Dhún na nGall, na Gaillimhe, Chiarraí agus Mhaigh Eo agus i gComhairle Cathrach na Gaillimhe. |
| **Athbhreithniú** | Próiseas reachtúil is ea athbhreithniú ar trí sin a luacháiltear maoine aonair chun críocha rátála idir athluachálacha arna iarraidh ag údaráis áitiúla agus íocóirí rátaí. Is gné bharrthábhachtach é i ndáil le cothabháil leanúnach a dhéanamh ar na liostaí luachála |
| **Tailte Éireann** | An eagraíocht nua a bheidh ina toradh ar an gcumasc den Oifig Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine atá beartaithe |
| **Binse Luachála** | An comhlacht neamhspleách reachtúil, a bunaíodh den chéad uair faoin Acht Luachála 1998 agus ar leanadh de tríd an Acht Luachála 2001, a éisteann achomhairc in aghaidh cinntí de chuid an Choimisinéara Luachála ar luacháil agus athluacháil maoin tráchtála ar chúiseanna rátála |
| **Liosta Luachála** | Liosta maoine agus a luachálacha inrátáilte i gceantar sainiúil Údarás Rátála ar a ngearrtar tobhach ar rátaí tráchtála |
| **VOS** | Is é an Córas Oifig Luachála (VOS) córas reatha inmheánach leictreonach na hOifige Luachála trína gcláraítear agus a bpróiseáiltear mionsonraí ábhartha gach maoine ar liosta sealúchais. Is é VOS bunachar lárnach gach taifead luachála maoine inrátáilte |



# Clár an Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| Misean agus Luachanna | | 3 |
| Ról na hOifige Luachála | | 4 |
| Tailte Éireann | | 5 |
| Ár gCuid Oibre | | 6 |
| Rialachas agus Comhlíonadh Corparáideach | | 7 |
| Airgeadas agus Leibhéil Líon Foirne | | 9 |
| An Clár Náisiúnta Athluachála a Chur chun Cinn | | 11 |
| Athbhreithniú Leanúnach ar Luachálacha | | 14 |
| Achomhairc chuig an mBinse Luachála | | 16 |
| Luacháil Dhomhanda ar Fhiontair Fóntais Phoiblí | | 17 |
| Luachálacha Maoin Stáit | | 18 |
| Seirbhísí na hOifige Poiblí | | 20 |
| Taifid Chartlainne | | 21 |
| Seirbhísí agus Gníomhaíochtaí Eiles | | 22 |
| Oiliúint agus Forbairt | | 25 |
| Soláthar | | 26 |
| Aguisín 1 | 2021 ina Fhigiúirí | 28 |
| Aguisín 2 | Caiteachas agus Ioncam 2021 | 30 |
| Aguisín 3 | Achomhairc Luachála 2021 | 31 |
| Aguisín 4 | Daoine bhí ina gCoimisinéirí Luachála agus ina bPríomh-Suirbhéirí Teorann | 32 |
| Aguisín 5 | Rátaí Bliantúla ar Luacháil (ARV) don bhliain 2021 faoi mar a d'fhoilsigh Údaráis Áitiúla | 33 |
| Aguisín 6 | Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha | 34 |



# Misean agus Luachanna

(Foinse: Plean Straitéiseach na hOifige Luachála 2021-2023)

## 1.1 Misean

Is eagraíocht luachála maoine Stáit í an Oifig Luachála agus tá an Oifig i mbun na bhfeidhmeanna sin ón mbliain 1830. Is é misean na hOifige Luachála seirbhís luachála neamhchlaonta agus iontaofa a chur ar fáil ar bhealach éifeachtúil chun tacú le Rialtas na hÉireann.

## 1.2 Ár Luachanna Corparáideacha

Mar a leagtar amach inár bPlean Straitéiseach 2021-2023, tá gach ball foirne san Oifig Luachála tiomanta do mhisean na heagraíochta a chur i gcrích go sásúil agus d'fhorbairt leanúnach ár n-eagraíochta. Is iad seo a leanas na croíluachanna atá á gcur chun cinn againn:

### Tiomantas do Bharr Feabhais

Táimid tiomanta do sheirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil ar bhealach inbhuanaithe ar mhaithe le saoránaigh agus páirtithe leasmhara eile.

### Comhoibriú

Aithnímid gur gné lárnach dár ngealltanais a bhaint amach is ea caidreamh dearfach agus comhoibriú lenár gcomhghleacaithe agus comhpháirtithe.

### Solúbthacht

Glacaimid le nuálaíocht agus déanaimid ár gcórais agus próisis a fheabhsú i gcónaí chun torthaí níos fearr a bhaint amach.

### Ionracas agus Cuntasacht

Oibrímid ar bhealach neamhchlaonta agus trédhearcach, agus tá freagracht ar leith orainn uile as an méid a dhéanaimid. Táimid oscailte agus ionraic maidir le cumarsáid a dhéanamh lena chéile agus leis na daoine aonair agus eagraíochtaí lena n-idirghníomhaímid.

### Meas

Glacaimid le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht. Tacaímid le timpeallacht ina gcaitear le daoine le dínit agus ina léirítear meas ar a n-indibhidiúlacht.

# Ról na hOifige Luachála

**2.1** Tá sé mar chroí-aidhm ag an Oifig Luachála bonn luachála aonchineálach agus cothrom a bhunú agus a chothabháil, de réir na nAchtanna Luachála 2001 go 2020, lenar féidir le húdaráis áitiúla rátaí tráchtála a ghearradh. Tá na luachálacha seo ina gcuid lárnach de chóras na rátaí tráchtála in Éirinn agus tá siad mar bhunús le maoiniú thart ar €1.5 billiún a chur ar fáil d'údaráis áitiúla gach bliain.

**2.2** Cuirimid seirbhísí luachála ar fáil do Ranna éagsúla Rialtais, do Ghníomhaireachtaí Stáit agus do chomhlachtaí poiblí eile fosta. Tugaimid faoi luachálacha caipiteal agus cíos margaidh oscailte lena n-áirítear luachálacha ar chúiseanna athbhreithnithe cíosa do na custaiméirí seo. Cuirtear luachálacha margaidh oscailte ar fáil do mhaoin atá á n-aistriú idir Ranna Rialtais, Comhlachtaí Stáit agus údaráis agus gníomhaireachtaí poiblí eile, ar bhonn áitiúil agus náisiúnta araon.

**2.3** Oibrímid le réimse leathan de chustaiméirí agus le páirtithe leasmhara eile agus muid i mbun ár gcuid oibre, lena n-áirítear, íocóirí rátaí agus daoine eile sa phobal, údaráis áitiúla, gníomhairí gairmiúla agus forais ionadaíochta atá ag feidhmiú thar ceann íocóirí rátaí nó cliaint eile, agus lucht taighde/gníomhairí ginealais agus foireann Ranna agus Oifigí eile Stáit, lena n-áirítear baill agus foireann an Bhinse Luachála neamhspleách.

Tá an Oifig Luachála freagrach as an tseirbhís luachála Stát in Éirinn **ón mbliain 1830**

Caithimid thart ar **€12 milliún** le seirbhísí a chur ar fáil gach aon bhliain

Fostaímid thart ar **136 duine**

Is Oifig Neamhspleách atá ionainn faoi choimirce an **tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta**

Bailítear thart a **€1.5 billiún** in ioncam Údaráis Áitiúil gach aon bhliain mar thoradh ár gcuid oibre

# Tailte Éireann

**3.1** Tá cinneadh déanta ag an Rialtas an Oifig Luachála, an tÚdarás Clárúcháin Maoine (PRA) agus Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSi) a chumasc. Nuair a bhunófar í, is é Tailte Éireann a thabharfar ar an eagraíocht nua agus beidh freagracht ar an eagraíocht i ndáil le roinnt feidhmeanna tábhachtacha, lena n-áirítear:

- Córas clárúchán maoine an Stáit
- Bonneagar mapála agus suirbhéireachta an Stáit
- Seirbhís luachála maoine an Stáit
- Forbairt agus cothabháil fhaisnéis gheospásúil an Stáit agus faisnéise a bhaineann leis
- Déileáil le hiarratais ar bhunchíosanna a cheannach faoi scéimeanna reachtúla éagsúla

Tá na heagraíochtaí atá á gcumasc ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ón 1 Eanáir 2018 i leith.



Tailte Éireann
Clárúchchán, Luacháil, Suirbhéireacht
Registration, Valuation, Surveying

# Ár gCuid Oibre

**4.1** Tá an Oifig Luachála rannpháirteach i gclár náisiúnta i láthair na huaire le hathluacháil a dhéanamh ar gach maoin tráchtála agus tionsclaíochta in Éirinn. Is é cuspóir an chláir seo, cur le cothromas, aonfhoirmeacht agus trédhearcacht an chórais rátála údaráis áitiúil do mhaoin ghnó.

**4.2** Chomh maith leis an gclár náisiúnta athluachála a fheidhmiú go céimneach, cuireann an Oifig seirbhís luachála ar fáil chun críocha rátála do na húdaráis áitiúla go léir, trína ndéantar athbhreithniú ar luacháil na maoine atá ann cheana féin agus trína ndéantar luacháil maoin nua a chur isteach ar an Liosta Luachála den chéad uair. Tugtar "Athbhreithniú" Luachála ar an bpróiseas sin. Eascraíonn iarratais ar Athbhreithniú as athrú ábharach ar mhaoin tráchtála atá ann cheana féin, amhail síneadh, foroinnt nó cónascadh dhá mhaoin nó níos mó, nó maoin tráchtála iomlán nua a chríochnú.

**4.3** Tá freagracht ar an gCoimisinéir Luachála atá ina Phríomh-Shuirbhéir Teorann agus ina Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Luachála (Vóta 16 de na Cuntais Leithreasa) fosta, as bainistíocht fhoriomlán na hOifige Luachála, lena n-áirítear bainistíocht foirne, seachadadh téarmaí tagartha na hOifige lena n-áirítear soláthar luachálacha tráchtála atá cothrom le dáta do mhaoin tráchtála agus tionsclaíochta d'íocóirí rátaí agus do na húdaráis rátála, seachadadh an chláir náisiúnta luachála, seachadadh clár maidir le hAthbhreithniú, seirbhísí luachála éagsúla a chur ar fáil do Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí poiblí eile agus, Príomh-Shuirbhéir Teorann, comhairle a chur ar fáil maidir le socrú teorainneacha mara agus reachtúla.

**4.4** Tá liosta de dhaoine a bhí ag feidhmiú mar Choimisinéir Luachála agus mar Phríomh-Shuirbhéir Teorann, ó cuireadh tús leis an dá phost, in Aguisín 4.

# Rialachas agus Comhlíonadh Corparáideach

## Bord Bainistíochta

**5.1** Is é ról an Bhoird Bainistíochta dul i gceannas ar straitéisí agus pleananna cuí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun a chur ar chumas na hOifige a sainordú a sheachadadh. Déanann an Bord maoirseacht fosta ar fhreagrachtaí rialachas corparáideach na hOifige. Tá comhaltas an Bhoird déanta suas den Choimisinéir Luachála, Ceann na Seirbhísí Luachála, Ceann na Seirbhísí Corparáideacha, an Príomhoifigeach Faisnéise agus Stiúrthóirí na Seirbhísí Luachála. Is é an Coimisinéir Cathaoirleach Bhord Bainistíochta na hOifige Luachála.

## Tuairisciú Airgeadais

**5.2** Cuireadh Tuairiscí Airgeadais a thaispeánann mionsonraí maidir le caiteachas i gcoinne buiséid faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta agus rinne siad breithniú orthu ar bhonn míosúil ar feadh na bliana.

**5.3** Ó thús deireadh 2021, Lean an Oifig Luachála de chloí le gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.



## Bainistíocht Riosca

**5.4** Feidhmíonn an Oifig Luachála beartas Bainistíochta Riosca foirmiúil agus déanann cothabháil ar Chlár Riosca de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais. Tá cothabháil an chláir leagtha amach lena chinntiú go n-aithnítear rioscaí agus go ndéantar measúnú orthu agus go gcuirtear na gníomhartha maolaithe atá riachtanach i bhfeidhm, de réir mar atá praiticiúil. Tá an Clár Riosca, lena gcuimsítear bearta maolaithe curtha le chéile thar ceann an Bhoird Bainistíochta agus déanann comhaltaí an Bhoird athbhreithniú air ar bhonn ráithe ar a laghad.

**5.5** Fearacht phríomhthosaíochtaí na heagraíochta agus an timpeallacht ina bhfeidhmíonn sí, is iad na príomhrioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don Oifig Luachála ag deireadh na bliana 2021:

- Gan gníomhú go héifeachtúil agus go héifeachtach i leith achomhairc a eascraíonn as líon éileamh atá ag dul i méid agus éilimh athraitheacha ón mBinse Fiosrúcháin.
- Gan riachtanais ár bpáirtithe leasmhara a chomhlíonadh, maidir leis an gClár Náisiúnta Athluachála a sheachadadh i gcomhréir leis na spriocanna inár bPlean Straitéiseach 2021 - 2023.
- Gan Liostaí Luachála a fhoilsiú atá ina léiriú dóthanach ar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara.
- Tionchar mórimeachtaí athraithe ar chumas na mbainisteoirí sinsearacha feidhmeanna "gnó mar is gnách" a chur i gcrích.
- Cur isteach oibríochtúil an gClár Náisiúnta Athluachála agus an Clár Athbhreithnithe agus Seirbhísí Luachála Maoin Stáit mar gheall ar an bPaindéim COVID-19.

## An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

**5.6** Chloígh an Oifig Luachála, le linn na bliana 2021, le forálacha ábhartha an *Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**5.7** Tugadh Comhaontú Maoirseachta agus Comhaontú maidir le Seachadadh Feidhmíochta chun críche idir an Coimisinéir Luachála agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i mí na Bealtaine 2021. Shainordaigh an Comhaontú Maoirseachta comhlíonadh leanúnach cheanglais ábhartha an *Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*.

## An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015

**5.8** Cuireadh tús le feidhmiú an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015 an 1 Meán Fómhair 2015. Éilítear in Alt 6(4) den Acht ar gach comhlacht poiblí liosta d'oifigigh phoiblí ainmnithe na heagraíochta a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin. Le linn na bliana 2021, ba é an Coimisinéir Luachála an t-aon Duine Ainmnithe san Oifig Luachála, faoi fhorálacha Alt 6 den Acht.

# Airgeadas agus Leibhéil Líon Foirne

## Leibhéil Líon Foirne

**6.1** Ag deireadh na bliana 2021, bhí 135.75 ball foirne comhionann lánaimseartha (FTE) fostaithe ag an Oifig Luachála. Nuair a dhéantar coigeartú do bhaill foirne a tugadh ar iasacht don Bhinse Luachála (14), b'ionann líon iomlán na foirne a bhí fostaithe ag an Oifig Luachála ag deireadh na bliana 2021 agus 121.75 FTE.

Is státseirbhísigh an fhoireann go léir agus faigheann siad luach saothair de réir scálaí pá, a shainmhínítear go lárnach, na Státseirbhíse. Ní raibh aon bhall foirne ag fáil sochair neamhphá bhreise.

## Caiteachas agus Fáltais Vóta na hOifige Luachála

**6.2** Feidhmíonn an Oifig Luachála mar oifig neamhspleách faoi choimirce an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus tá an Oifig maoinithe faoina Vóta féin (Vóta16).

Clúdaítear le Vóta 16 dhá chlár; Clár A, a bhaineann le hobair na hOifige Luachála féin agus Clár B, a bhaineann le hobair an Bhinse Luachála neamhspleách. Is é an Coimisinéir Luachála an tOifigeach Cuntasaíochta do chaiteachas agus d'fháltais go léir faoi Vóta 16. Agus feidhm leis ón 1 Eanáir 2022, aistreoidh an Binse Luachála ina iomláine chuig Vóta na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

**6.3** Is dhá eintiteas ar leith iad an Coimisinéir Luachála agus an Binse Luachála a bhfuil feidhmeanna reachtúla ar leith acu. Foráiltear in Alt 9(10) den Acht Luachála go bhfuil an Coimisinéir Luachála neamhspleách agus é/í i mbun a c(h)uid feidhmeanna. Tá na feidhmeanna seo forordaithe agus imscríofa in Achtanna Luachála 2001 go 2020. Is comhlacht neamhspleách reachtúil ar leith é an Binse Luachála, a bunaíodh den chéad uair faoin Acht Luachála 1988, agus a lean ar aghaidh de bhua alt 12 den Acht Luachála 2001, chun achomhairc in aghaidh chinntí de chuid an Choimisinéara Luachála a éisteacht.

**6.4** Is é an Coimisinéir, mar Oifigeach Cuntasaíochta ainmnithe Vóta 16, atá freagrach don Oireachtas as caiteachas an airgid vótáilte a bhaineann leis an mBinse ach níl aon smacht aige/aici ar ná freagracht as oibríochtaí ná cinntí an Bhinse. Is de chúram Chathaoirleach an Bhinse iad oibríochtaí an Bhinse Luachála.

Dá réir sin, is le hobair na hOifige Luachála amháin a bhaineann an Tuarascáil Bhliantúil seo agus ní thuairiscítear inti ar obair an Bhinse Luachála.

6.5 Faoi dheireadh na bliana 2021, b'ionann an t-ollchaiteachas iomlán do Vóta 16 was €12.132m, arbh ionann é agus 58% de sholáthar iomlán an vóta don bhliain. B'ionann an teacht isteach ó Leithreas i gCabhair agus €0.9m

Tugtar achoimre sa tábla seo a leanas ar leithdháiltí agus ar thorthaí buiséid don tréimhse 2019 go 2021 do Vóta 16, agus áirítear air an Oifig Luachála agus an Binse Luachála araon. Tá toradh na bliana 2021 ina thoradh sealadach roimh iniúchadh a dhéanamh ar an gCuntas Leithreasa don bhliain 2021.

| | 2019 €000 | 2020 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|---|
| Leithdháileadh Buiséid | 14,092 | 17,637 | 17,579 |
| Toradh Buiséid | 10,819 | 10,282 | 12,132 |

*Aguisín 2 – cuireann Caiteachas agus Ioncam briseadh anuas neamhiniúchta ar fáil de thoradh an vóta don Oifig Luachála (Vóta 16)* do 2021.

## Iniúchóireacht

6.6 Níor aimsigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, aon laigí suntasacha in aon réimse a clúdaíodh san iniúchóireacht a rinneadh ar Chuntas Leithreasa do Vóta 16 sa bhliain 2020.

6.7 Thug Aonad Iniúchta agus Riosca Inmheánaigh na hOifige Luachála athbhreithniú ar iniúchadh inmheánach amháin nach mór chun críche le linn na bliana 2021. Fanadh le dréacht-tuarascáil d'iniúchadh breise ag deireadh na bliana 2021. Ar deireadh, forbraíodh na téarmaí tagartha agus d'fhoráil roinnt doiciméid tosaigh do thriú iniúchadh.


# An Clár Náisiúnta Athluachála a Chur chun Cinn

**7.1** De réir Achtanna Luachála 2001-2020, tá clár náisiúnta ar siúl chun athluacháil a dhéanamh ar an maoin tráchtála agus tionsclaíochta go léir sa Stát. Is é seo an chéad chlár athluachála ar bhonn náisiúnta ó lár an naoú haois déag agus tá sé ina thosaíocht straitéiseach ag an Rialtas.

**7.2** Tá thart ar 150,000 maoin tráchtála agus tionsclaíochta in Éirinn atá faoi dhliteanas rátaí a íoc. Is é atá mar chuspóir le hathluacháil, dliteanais rátaí tráchtála a athdháileadh idir íocóirí rátaí bunaithe ar luach cíosa an mhargaidh atá suas chun dáta. Ar an mbonn sin, tar éis na hathluachála, tá an gaol i bhfad níos dlúithe idir luachanna cíosa comhaimseartha agus na dliteanais rátaí tráchtála do mhaoine ar leith. Bíonn dliteanas rátaí atá laghdaithe á bhrath ag roinnt íocóirí rátaí ach bíonn dliteanas méadaithe le brath ag roinnt eile ón bpróiseas athdháilte, ach ar an iomlán tá ualach na rátaí á leithdháileadh ar bhealach níos cothroime agus níos aonfhoirmí.

**7.3** Bhí cur chun cinn an Chláir Náisiúnta Athluachála mar ghné lárnach in *Plean Straitéiseach 2021-2023 na hOifige Luachála* agus bhí sé mar phríomhthosaíocht i rith 2021.




National Revaluation Programme
(December 2021)
Completed
Completion 2022
Completion 2023
Second Revaluation Completed
Second Revaluation Completion 2022
Donegal
Leitrim
Sligo
Monaghan
Mayo
Cavan
Louth
Roscommon
Longford
Meath
Westmeath
B
Galway
Galway City
D
A
C
Offaly
Kildare
Laois
Wicklow
Clare
Carlow
Tipperary
Kilkenny
Wexford
Limerick
Waterford
Kerry
Cork
Cork City
A: South Dublin
B: Fingal
C: Dún Laoghaire-Rathdown
D: Dublin City

## 7.4 Tionscadail athluachála Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Reval 2021

Le linn na bliana 2021, leanadh den obair ar thionscadail athluachála Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Reval 2021. Mar thoradh ar athluacháil Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, déanfar athluacháil ar thart ar 5,000 maoin inrátáilte den dara huair. Mar thoradh ar Reval2021 déanfar athluacháil ar thart ar 29,000 maoin i gceantair údaráis rátála Chomhairle Chontae an Chláir, Dhún na nGall, na Gaillimhe, Chiarraí agus Mhaigh Eo agus Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

**7.5** Mar sin féin, mar gheall ar thionchar COVID-19, cuireadh athluacháil ar mhaoine inrátáilte i limistéir údaráis áitiúil 'Reval 21' agus Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin siar agus tá sé beartaithe go bhfoilseofar na luachálacha nua a thiocfaidh as an athluacháil i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus go dtiocfaidh siad i bhfeidhm chun críocha rátaí ón mbliain 2024 ar aghaidh.

## 7.6 Ráta Bliantúil ar Luacháil

Ríomhtar suim na rátaí tráchtála atá le gearradh ar íocóir rátaí trí luacháil na maoine a iolrú faoin "Ráta Bliantúil ar Luacháil" (ARV) arna leagan síos ag comhaltaí tofa gach údarás áitiúil. Tá ARV 2021 faoi mar a shocraigh an 31 údarás áitiúil ar fáil in Aguisín 5.

DLR REVAL
NATIONAL REVALUATION PROGRAMME

REVAL 2021
NATIONAL REVALUATION PROGRAMME

# Athbhreithniú Leanúnach ar Luachálacha

**8.1** Le cois Clár Náisiúnta Athluachála a chur chun cinn, bíonn clár "Athbhreithnithe" ar siúl ag an Oifig Luachála a bhaineann le cothabháil leanúnach na liostaí luachála, ar iarratas ó na húdaráis áitiúla agus ó íocóirí rátaí.

**8.2** Mar thoradh ar na forálacha san Acht Luachála (Leasú) 2015, bhí córas leictreonach ar líne maidir le hiarratais athbhreithnithe á chur i bhfeidhm ag an Oifig Luachála i gcomhar leis an 31 údarás áitiúil go léir. Cuireann an córas, atá bunaithe ar shocruithe feabhsaithe chun sonraí digiteacha a roinnt, ar chumas gach údarás áitiúil sonraí suirbhé agus sonraí leictreonacha ábhartha eile a uaslódáil go díreach chuig córas lárnach ríomhaireachta na hOifige Luachála. Fuarthas líon iomlán de 4,296 iarratas athbhreithnithe sa bhliain 2021, ina bhfuarthas 3,851 iarratas ó údaráis áitiúla agus 445 iarratas athbhreithnithe ó íocóirí rátaí.

**8.3** Le linn na bliana 2021, bhí deacrachtaí oibríochtúla suntasacha ag an Oifig Luachála maidir lena clár athbhreithnithe a chur i gcrích mar gheall ar na srianta sláinte poiblí. In a lán cásanna, níorbh fhéidir cuairt a thabhairt ar na maoine ná níorbh fhéidir iniúchadh ná suirbhéireacht a dhéanamh orthu. D'fhonn an fhadhb sin a shárú, d'oibrigh an Oifig lena custaiméirí údaráis áitiúil chun socruithe roinnte sonraí níos comhoibríche a chur i bhfeidhm. Bhí úsáid tacar sonraí dá leithéid ina gné shuntasach ó thaobh bheith in ann 7,341 iarratas athbhreithnithe a chur i gcrích i gcaitheamh na bliana. Bhí athbhreithniú maidir le 1,607 maoin ag céim forbartha faoi dheireadh na bliana 2021 agus táthar ag súil iad sin a chur i gcrích faoi dheireadh R1 2022. I gcaitheamh na bliana 2022, leanfaidh an Oifig d'fhorbairt a dhéanamh ar na socruithe comhroinnte sonraí atá i bhfeidhm faoi láthair agus táthar ag súil leis an gcaidreamh oibre le húdaráis áitiúla a neartú d'fhonn luach poiblí níos mó a bhaint amach.

**8.4** Le linn 2021, luacháladh 1,442 foirgneamh nua chun críocha rátaí tráchtála den chéad uair, agus táthar ag súil go nginfear ioncam rátaí breise €26.299 milliún d'údaráis áitiúla in 2022.

**8.5** Chomh maith leis sin, fuair na húdaráis áitiúla ioncam breise ó rátaí mar gheall ar luacháil a dhéanamh ar athruithe agus síntí a cuireadh le thart ar 3,056 maoin tráchtála ar bhonn náisiúnta. Táthar ag dúil go gcruthófar as sin ioncam breise €12.046 milliún in 2022.

**8.6** Le linn 2021, amhail blianta eile, baineadh maoin a d'aistrigh faoi réir fhorálacha Sceideal 4 de na hAchtanna Luachála ó bheith inrátáilte go neamh-inrátáilte ó na liostaí luachála. Áirítear ar na 1,126 maoin seo, a meastar ar fiú €8.550 milliún i rátaí iad go bliantúil, foirgnimh dhíolmhaithe a úsáideann carthanais, foirgnimh a úsáideann soláthraithe neamhbhrabúis maidir le seirbhísí oideachais a chur ar fáil agus maoin a ndearnadh athchóiriú orthu chun cónaí iontu agus foirgnimh a meastar nach bhfuil ar a gcumas áitíocht tairbhiúil a sholáthar níos mó.

**8.7** Dá réir sin, sa bhliain 2022, beidh an glanioncam iomlán breise do na húdaráis áitiúla thart ar €29.795 milliún ó chlár athbhreithnithe na bliana 2021.

**8.8** D'fhonn dul i ngleic a thuilleadh leis an riaráiste in iarratais Athbhreithnithe, tá conradh i bhfeidhm le soláthraí seirbhíse seachtraí chun thart ar 5,700 cás athbhreithnithe a chur i gcrích ar bhonn aonuaire. Baineann na hathbhreithnithe seo le maoine i gceantair údaráis rátála Chomhairle Contae an Chláir, Chorcaí, Dhún na nGall, Gaillimhe, Chiarraí agus Mhaigh Eo agus Comhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Cuireadh moill ar an obair seo mar gheall ar COVID-19 agus tá sí le cur i gcrích in R2 2022.



# Achomhairc chuig an mBinse Luachála

**9.1** Féadann íocóirí rátaí nach bhfuil sásta le haon ghné de theastas luachála a eisítear i ndiaidh Athbhreithniú nó Athluacháil achomharc a dhéanamh chuig an mBinse Luachála neamhspleách. Bainistíonn an Binse Luachála sceidealú éisteachtaí achomhairc trí chóras 'call-over' agus eisíonn treoracha chuig na páirtithe i gcomhréir leis na Rialacha.

**9.2** Thug an Binse Luachála rialacha nua isteach i ndáil le gach achomharc a thaisctear i ndiaidh an 16 Meán Fómhair 2019. Leanfar d'achomhairc a taisceadh roimh an dáta seo a éisteacht faoi na rialacha a bhí i bhfeidhm roimhe seo. Tá 376 Achomharc a bhí ann roimh athrú na rialacha in 2019 atá fós le réiteach.

**9.3** I Rialacha an Bhinse Luachála (Achomhairc), foráiltear d'achomhairc a thabhairt chun críche gan éisteacht ó bhéal, agus ina ionad sin, táthar ag brath ar aighneachtaí doiciméadacha, agus rannóg duine aonair chun cinneadh a dhéanamh ar an achomharc. Léiríonn sé sin feabhsú suntasach a d'fhéadfadh a bheith i gceist maidir leis an am a ghlacann an Binse Luachála chun déileáil le hachomharc. Mar sin féin, níor cuireadh i gcrích ach 5 cinn nó 0.7% den aschur in achomhairc ar an mbealach seo in 2021.

**9.4** Bhí 339 achomharc Athbhreithnithe le dul os comhair an Bhinse ag tús 2021. Cuireadh 108 achomharc Athbhreithnithe breise faoi bhráid an Bhinse le linn na bliana. Tugadh 104 achomharc Athbhreithnithe chun críche i rith na bliana, rud a d'fhág go raibh clár comhardaithe deiridh de 343 cás ann a bhí fós le réiteach.

**9.5** Bhí 2,165 achomharc Athbhreithnithe ar láimh ag an Oifig ag tús 2021. Cuireadh 17 n-achomharc Athluachála in iúl i rith na bliana. Tugadh 541 achomharc Athluachála chun críche i rith na bliana, rud a d'fhág go raibh clár comhardaithe deiridh de 1,641 cás ann a bhí fós le réiteach.

**9.6** Cuirtear léargas níos mine ar fáil in Aguisín 3 maidir le hobair achomhairc ar thug an Oifig Luachála fúithi le linn 2021.

# Luacháil Dhomhanda ar Fhiontair Fóntais Phoiblí

**10.1** Foráiltear in Alt 53 den Acht Luachála 2001 i leith luacháil gnéithe gréasáin fiontair áirithe fóntais phoiblí ainmnithe ar bhonn "domhanda" gach cúig bliana.

**10.2** Bhí 12 eintiteas ainmnithe ag an Aire mar fhiontair fóntais phoiblí chun críche an phróisis luachálacha domhanda mar a fhoráiltear ina leith in alt 53 den Acht Luachála, mar atá:

- 2RN
- BT Communications Ireland Teoranta
- Eircom Teoranta
- Eirgrid
- Líonraí BSL
- Líonraí Gáis Éireann
- Iarnród Éireann
- Uisce Éireann
- Meteor Mobile Communications Teoranta
- Three Ireland (Hutchison) Teoranta
- Virgin Media Ireland Teoranta agus
- Vodafone Ireland Teoranta.

**10.3** De réir Alt 53, leithroinntear luacháil gach fiontar fóntais phoiblí idir na húdaráis rátála sin a bhfuil sócmhainní maoine an fhiontair fóntais phoiblí suite ina gceantar riaracháin.

**10.4** In 2021, athluacháladh 2RN (Líonraí Craolta Teoranta RTÉ roimhe seo) agus Virgin Media Ireland Teoranta mar chuid den timthriall athluachála domhanda cúig bliana.

**10.5** Tá mionsonraí gach luachála domhanda leagtha amach sa "Liosta Lárnach Luachála" a choinníonn an Coimisinéir Luachála i gcomhréir le halt 55 den Acht Luachála 2001, mar a leasaítear in alt 30 den Acht Luachála (Leasú) 2015. Ba é €972,410,000 luach iomlán, ó thaobh rátaí de, an 12 fhiontar fóntais phoiblí ar an Liosta Lárnach Luachála" amhail an 31 Nollaig 2021.

# Luachálacha Maoin Stáit

## Seirbhísí Luach Margaidh agus Sócmhainní

**11.1** Cuireann an Oifig Luachála seirbhís luachála ghairmiúil ar fáil do Ranna Rialtais éagsúla, Gníomhaireachtaí Stáit agus comhlachtaí poiblí eile. Baineann an obair seo le luachálacha caipitil agus cíosa, lena n-áirítear luachálacha chun críocha athbhreithnithe cíosa, do na custaiméirí sin. Chomh maith leis sin, cuirtear luachálacha ar fáil maidir le maoine atá á n-aistriú idir Ranna Rialtais, Comhlachtaí Stáit agus údaráis agus gníomhaireachtaí poiblí eile, idir áitiúil agus náisiúnta araon, i gcomhréir le Ciorclán11/15.

Áirítear ar na custaiméirí:

- An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh
- Coimisinéirí Soilse na hÉireann
- An tSeirbhís Cúirteanna
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
- An Roinn Oideachais
- An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
- An Roinn Leasa Shóisialaigh
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)
- Fáilte Éireann
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE)
- Institiúidí Teicneolaíochta / Ollscoileanna Teicneolaíochta (líonmhara)
- Seirbhís Phríosúin na hÉireann
- An Ghníomhaireacht um Fhorbairt Talún (LDA)
- Údaráis Áitiúla (líonmhara)
- An Ceoláras Náisiúnta
- Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW)
- Na Coimisinéirí Ioncaim
- SOLAS
- Teagasc
- Tusla
- An Coláiste Ollscoile, Bailte Átha Cliath
- Uiscebhealaí Éireann

**11.2** Le linn 2021, thug rannóg Luachálacha Maoin Stáit na hOifige Luachála céim mhór chun tosaigh maidir le caighdeáin a chur chun cinn, lena n-áirítear bheith ina heagraíocht urraíochta neamhchláraithe faoi Scéim Cláraithe Luachálaithe (VRS) an RICS, ar trí sin a chuirtear ar chumas na hOifige Luachála urraíocht a dhéanamh ar Luachálaithe Cláraithe laistigh den eagraíocht. Cuireadh le caighdeáin tuairiscithe agus comhlíonta ó thaobh acmhainní de chun riachtanais rialála agus ionchais cliaint a chomhlíonadh.

**11.3** Méadaíodh foireann Luachálacha Maoin Stáit le linn 2021 chun freastal ar mhéadú ar an éileamh atá ar na seirbhísí agus chun na caighdeáin tuairiscithe feabhsaithe a bhfuiltear ag súil leo a chur ar fáil. Trí seo, cuirtear an dúshraith ar fáil atá ag teastáil i leith forbairt agus fás amach anseo chun freastal ar riachtanais custaiméirí.

**11.4** Déantar na luachálacha go léir chun críocha luach margaidh de réir Chaighdeáin Luachála Idirnáisiúnta 2020 agus Chaighdeáin Luachála Gairmiúla an Royal Institute of Chartered Surveyors Valuation 2020 ("An Leabhar Dearg").

**11.5** Le linn 2021, thuairiscíomar luachanna do 334 mhaoin, ar fud 164 luacháil a eisíodh chuig cliaint, a raibh luach comhiomlán €242 milliún orthu. Áiríodh leo sin:

- 3 threoir Luachála Sócmhainní ar bhonn Luach Cóir le 32 thuairisc, agus 180 sócmhainn aonair, agus luach comhiomlán díreach os cionn €110 milliún.
- 51 mhaoin, le luach margaidh chomhiomlán thart ar €38.35 milliún, a luacháladh do Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit agus údaráis áitiúla i gcomhréir le Ciorclán na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) 11/15: Prótacail maidir le Sócmhainní Maoin Stáit a Aistriú agus a Roinnt.
- Luacháladh 37 maoin eile ar bhonn luach margaidh chun críocha eile, le luach comhiomlán díreach faoi bhun €92 milliún
- 66 mhaoin ar cuireadh comhairle ar fáil ina leith maidir leis an margadh cíosa, a mbaineann go leor díobh le hathbhreithnithe cíosa agus athnuachaintí léasa / ceadúnais, a bhfuil luach cíosa iomlán díreach faoi bhun €1.63 milliún orthu in aghaidh na bliana.

Déantar achoimre i dTábla 3 in Aguisín 1 ar thoradh na Luachálacha Maoin Stáit, lena n-áirítear seirbhísí Luachála Sócmhainní, a rinne an Oifig Luachála le linn 2021.



# Seirbhísí na hOifige Poiblí

**12.1** Cuireann an Oifig Phoiblí atá faoi stiúir na hOifige Luachála réimse leathan de sheirbhísí do chustaiméirí ar fáil lena n-áirítear:

- Réiteach agus eisiúint teastais reatha luachála inrátáilte
- Teastais luachála inrátáilte ón am atá caite a chur ar fáil
- Cóipeanna deimhnithe de mhapaí luachála a chruthú
- Scrúdú taifid chartlainne a éascú
- Teastais Luachála Inrátáilte faoi Alt 67 den Acht Luachála 2001 a eisiúint

Tá mionsonraí gníomhaíochtaí le linn 2021 leagtha amach in Aguisín 1, Tábla 5.

**12.2** Tá cartlann lámhscríbhinní ag an Oifig ina bhfuil eolas maidir le luacháil inrátáilte a ghabhann le gach maoin sa Stát ó lár na 1850í chomh fada leis na 1990í luatha, agus do mhaoin tráchtála amháin ón am sin ar aghaidh. Aithnítear an chartlann seo mar dhaonáireamh ionadach don tréimhse ó na 1850í chomh fada le 1901 (an taifead daonáirimh iomlán is túisce sa tír).

**12.3** Cuirtear saoráidí ar fáil san Oifig Phoiblí do dhaoine sa phobal atá ag tabhairt faoi thaighde ginealaigh le féachaint ar thaifid agus ar mhapaí cartlainne. Tá cóipeanna ar fáil d'iontrálacha sna taifid luachála agus den mhapa ábhartha ina léirítear suíomh na maoine. Ciorraíodh an tseirbhís seo in 2020 mar gheall ar shrianta COVID-19. Athosclaíodh an Oifig Phoiblí i mí na Bealtaine 2021 do líon teoranta daoine den phobal agus trí choinne amháin. Leanann an fhoireann de chúnamh breise a chur ar fáil do dhaoine den phobal trí sheirbhísí gutháin, ríomhphoist agus poist.

**12.4** Cuireann an tAcht um Míchumas 2005 oibleagáid ar chomhlachtaí poiblí a bhfoirgnimh, seirbhísí agus eolas poiblí a bheith inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas. De réir an Achta, tá beirt bhall foirne ainmnithe ag an Oifig Luachála, le freagracht as cúnamh agus treoir a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas chun rochtain a fháil ar sheirbhísí na hOifige.

# Taifid Chartlainne

## Digitiú Leabhair Chartlainne

**13.1** Cuimsíonn taifid luachála stairiúla atá á gcothabháil ag an Oifig Luachála acmhainn náisiúnta uathúil nach féidir luach a chur orthu agus nach mór iad a chaomhnú ar mhaithe leis na glúnta a thiocfaidh inár ndiaidh agus ag an am céanna iad a bheith inrochtana do dhaoine ar gá dóibh dul i muinín na dtaifead sin. Tá Tionscadal Caomhnúcháin Ábhar Taifead na hOifige Luachála luite ar leabhair taifid luachála lámhscríofa agus na mapaí a ghabhann leo a théann siar go dtí na 1850í a chaomhnú agus an t-eolas seo a chur ar fáil go digiteach do chustaiméirí.

**13.2** Tá digitiú na leabhar cartlainne maidir le Ceatharlach, an Cabhán, an Clár, Corcaigh, Dún na nGall, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Ciarraí, Cill Dara, Ciall Chainnigh, Luimneach, Maigh Eo, an Mhí, Muineachán, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Tiobraid Árann & Loch Garman tugtha chun críche anois agus tá na taifid seo ar fáil anois lena mbreathnú go leictreonach ag custaiméirí a thagann chun na hOifige Luachála.

**13.3** Leanadh de chlár digitithe na dtaifead lámhscríofa luachála in 2021. Cuireadh tús leis na taifid agus léarscáileanna cartlainne nár scanadh go fóill a dhigitiú agus tá forthairgeoir ar éirigh leis ceaptha. Leanfar den chlár le linn 2022 trí na taifid seo a dhigitiú, agus cuirfear na híomhánna seo ar fáil do chustaiméirí chomh luath agus is féidir. Tá roinnt de na léarscáileanna cartlainne ar fáil faoi láthair do chustaiméirí a bhuaileann isteach san Oifig Phoiblí le breathnú orthu agus tá súil againn go gcuirfimid leis na taifid sin de réir mar a bheidh teacht againn orthu.



# Seirbhísí agus Gníomhaíochtaí Eiles

## Seirbhísí Ar Líne

**14.1** Leanann an Oifig Luachála leis an réimse seirbhísí ar líne a chuireann sí ar fáil do chustaiméirí a mhéadú agus tá achoimre maidir leis na príomhghníomhaíochtaí ar líne le linn 2021 leagtha amach in Aguisín 1, Tábla 4.

## Iarratais um Shaoráil Faisnéise

**14.2** Cuireadh sé iarratas faoi bhráid na hOifige Luachála le linn na bliana 2021 faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Tá achoimre ar na hiarratais sin leagtha amach in Aguisín 1, Tábla 6.

## Gearáin ó Chustaiméirí

**14.3** Fuair an Oifig Luachála trí ghearán, ar seasadh le ceann amháin díobh, faoina Cairt Chustaiméirí le linn 2021.



## Nochtadh Cosanta

**14.4** Rinne an Oifig Luachála a polasaí um Nochtadh Cosanta a nuashonrú i mí na Nollag 2021. Réitíodh an polasaí chun éascaíocht a dhéanamh ar bhaill foirne údair imní faoi éagóir agus calaois ar an láthair oibre a chur in iúl ionas gur féidir na húdair imní seo a fhiosrú ar shlí a chuireann le tosca an cháis. Is féidir le hoibrí, a chreideann le réasún go bhfuil éagóir i gceist sa láthair oibre, an cheist a thuairisciú chuig (a) a Bhainisteoir/Bainisteoir Líne, chuig (b) an chéad leibhéal bainistíochta eile is airde chomh fada le comhalta den Bhord Bainistíochta agus an comhalta sin san áireamh, nó chuig (c) an Ceann Iniúchóireachta & Riosca Inmheánaigh.

**14.5** Sannadh an fhreagracht as iniúchadh a dhéanamh ar nochtuithe faoin bpolasaí a eagrú don Cheann Iniúchóireachta agus Riosca Inmheánaigh. Níor cuireadh aon Nochtadh Cosanta i láthair na hOifige Luachála le linn 2021.

## Cosaint Sonraí

**14.6** Dhéileáil an tOifigeach Cosanta Sonraí (DPO) le 3 fhiosrú faoi chosaint sonraí in 2021 agus níor ghá fógra maidir le sárú i gcosaint sonraí a chur chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí i leith aon fhiosrú díobh.

**14.7** Tá faisnéis mhionsonrach maidir le polasaí um Chosaint Sonraí na hOifige Luachála ar fáil ag www.valoff.ie

## Tionscadal AXIA

**14.7** I ndiaidh do OGCIO an cás gnó a ullmhú agus a cheadú ar bhonn forleathan, cuireadh tús leis an bpróiseas soláthair do Thionscadal AXIA i ndeireadh na bliana 2020 agus ba é Feabhra 2021 an dáta deiridh chun tairiscintí a fháil. Áiríodh le próiseas meastóireachta forleathan soiléirithe agus físeáin taispeána a chur isteach. Cuireadh an tairgeoir ar éirigh leis ar an eolas i mí an Mheithimh agus síníodh conarthaí i dtús mhí na Samhna 2021.

**14.8** Lean Stiúrthóir Tionscadail agus Urraitheoir Tionscadail AXIA de theagmháil a dhéanamh le Grúpa Piarmheasúnaithe OGCIO ar bhonn rialta i rith gach aon chéim den tionscadal.

**14.9** Chuir an fhoireann tionscadail Céim na Pleanála i gcrích i mí na Nollag 2021 agus táthar chun tús a chur leis an gCur i bhFeidhm i mí Eanáir 2022.

## Dualgas Chomhionannas agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí

**14.10** Le hAlt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas tá freagracht ar gach comhlacht poiblí comhionannas a chur chun cinn, leithcheal a chosc agus cearta daonna a bhfoirne agus a gcustaiméirí araon a chosaint. Tugtar Dualgas Chomhionannas agus Chearta an Duine na hEarnála Phoiblí ar an bhfreagracht seo agus is oibleagáid dhleathach í.

In 2021, d'fhonn Dualgas Chomhionannas agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí atá orainn a chur chun cinn, cuireadh imeachtaí éagsúla ar bun do bhaill foirne san Oifig maidir le hÉagsúlacht agus Ionchuimsiú:

- I mí Bealtaine 2021 d'eagraigh an Oifig cainteanna do na baill foirne ar fad chun **Mí Eorpach na hÉagsúlachta** a chur chun cinn chun feasacht a ardú maidir leis an tábhacht atá le héagsúlacht agus ionchuimsiú inár n-ionad oibre.
- Reáchtáil an Oifig cainteanna do bhaill foirne maidir le haire a thabhairt dár meabhairshláinte agus folláine agus strus san ionad oibre a bhainistiú.
- Chuir an Oifig Seachtain Bhróid LGBT chun cinn, agus eagraíodh cainteanna do bhaill foirne maidir le saincheisteanna Trasinscneacha.
- Rinneamar athbhreithniú ar ár bPolasaí um Nochtadh Cosanta agus chuireamar é ar fáil do na baill foirne ar fad trí é a fhoilsiú ar ár nInlíon. Chláraigh an Oifig don Mhóid um Ionracas ag an Obair agus cuireadh í in airde i limistéir phoiblí san Oifig.
- Maidir le comórtais inmheánacha i leith ardú céime, chinntigh an Oifig Luachála, mar fhostóir comhdheiseanna, gur tugadh faisnéis do chomhaltaí Bord Roghnúcháin maidir le saincheisteanna comhionannais.
- Ghabh an Oifig uirthi féin, mar chuspóir tosaíochta ina Plean Straitéiseach 2021 – 2023, oibriú chun deireadh a chur le haon leithcheal, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta an duine na mball foirne agus na gcustaiméirí a chosaint i gcomhréir lena Dualgas Chomhionannas agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí. Tríd an luach a chuirtear ar Mheas inár bPlean Straitéiseach, déantar cinnte de go nglacaimid comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht chugainn féin. Tacaímid le timpeallacht ina gcaitear le daoine le dínit agus ina dtugtar meas dá n-indibhidiúlacht.

## Ceisteanna Parlaiminte, Aighneachtaí Polaitiúla agus Fiosruithe ó na Meáin

**14.11** Le linn 2021, d'fhreagair an Oifig Luachála 11 Cheist Pharlaiminte agus 35 Aighneacht Pholaitiúil ó bhaill tofa de chuid an Oireachtais agus de chuid na gComhairlí Cathrach agus Contae.

**14.12** Fuarthas fiosrú amháin ó na meáin.

# Oiliúint agus Forbairt

**15.1** Tugann na mionsonraí thíos breac-chuntas ar na cúrsaí oiliúna agus forbartha ar thug foireann na hOifige Luachála fúthu le linn gnáthuaireanta oibre in 2021. Sa bhreis air sin, thug an Oifig tacaíocht do 12 bhall foirne le cáilíocht tríú leibhéal a bhaint amach ina n-am féin, faoin scéim um Aisíoc Táillí.

| Anailís ar Chatagóir | Líon Imeachtaí Oiliúna | Líon Rannpháirtithe | Líon Laethanta Oiliúna |
|---|---|---|---|
| Scileanna TFC | 12 | 20 | 39 |
| Ceannaireacht & Bainistíocht | 10 | 20 | 58 |
| Forbairt Foirne | 8 | 34 | 33 |
| Oiliúint Luachála Theicniúil | 8 | 11 | 11 |
| **Iomláin Bhliantúla 2021** | **38** | **85** | **141** |

**€56,772** an caiteachas ar oiliúint in 2021.



# Soláthar

**16.1** Tugann an tAonad Soláthair tacaíocht agus comhairle do bhaill foirne a lorgaíonn tairiscintí faoi choinne earraí agus seirbhísí chun a chinntiú go gcomhlíonann bearta soláthair na hOifige dlí AE agus Treoirlínte Náisiúnta. Bunús an ama is é an tAonad Soláthair a bhainistíonn comórtais a ngabhann luach measta breis agus €5,000 leo. Cuireann an tAonad Soláthair stór lárnach ar fáil do chomhaid soláthair a ngabhann luach measta breis agus €5,000 leo agus tugann cúram do Chlár Chonarthaí na hOifige Luachála.

**16.2** Bhí an tAonad Soláthair páirteach in 8 gcomórtas/conradh soláthair le linn 2021, lena n-áirítear an Comórtas Soláthair is mó de chuid na hOifige, Tionscadal AXIA.

# Aguisíní

# **Aguisín 1**
## 2021 ina Fhigiúirí

### **Tábla 1:** Leibhéil líon foirne deireadh bliana 2019 go 2021

| Leibhéil líon foirne deireadh bliana | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|
| Coibhéisí Lánaimseartha (FTE) | 128.65 | 140.35 | 135.75* |

* Nuair a dhéantar coigeartuithe i gcomhair baill foirne a tugadh ar iasacht don Bhinse Luachála (14), ba é 121.75 FTE an líon iomlán foirne a bhí ag obair san Oifig Luachála ag deireadh 2021.

### **Tábla 2:** Achoimre ar Chlár Athbhreithnithe 2021

| Catagóir Athbhreithnithe | Líon cásanna |
|---|---|
| Iarratais athbhreithnithe a próiseáladh | 7,341 |
| Iarratais athbhreithnithe idir lámha ag deireadh 2021 | 1,607 |
| Foirgnimh nua luacháilte | 1,442 |
| Athruithe agus sínte luacháilte | 3,056 |
| Maoin bainte as – níor measadh iad a bheith inrátáilte | 1,126 |
| Iarratais Athbhreithnithe a fuarthas ó Údaráis Áitiúla | 3,851 |
| Iarratais Athbhreithnithe a fuarthas ó Íocóirí Rátaí | 445 |

### **Tábla 3:** Achoimre ar Luachálacha Maoin Stáit a rinneadh in 2021

| Cineál Luachálacha | Líon Luachálacha | Líon Maoine | Comhiomlán Luachálacha |
|---|---|---|---|
| Ciorclán RCPA 11/15 cás (Luach Margaidh) | 50 | 51 | €38,345,000 |
| Luachálacha Sócmhainne (Luach Cóir) | 32 (3 Threoir) | 180 | €110,262,653 |
| Luach Margaidh Eile | 36 | 37 | €91,828,152 |
| Luachálacha Cíosa | 46 | 66 | €1,628,004 |

### **Tábla 4:** Achoimre ar Sheirbhísí Ar Líne 2021

| Seirbhís Ar Líne | Líon Idirbheart |
|---|---|
| Suíomh gréasáin - líon úsáideoirí | 15,000 |
| Iarratais Athbhreithnithe a rinneadh ar líne | 2,022 |
| Aighneachtaí maidir le hAthbhreithniú a rinneadh ar líne | 447 |
| Foirmeacha maidir le Faisnéis Athluachála a cuireadh isteach ar líne | 37 |
| ***Aighneachtaí maidir le hathluacháil a rinneadh ar líne (Reval 2021) | 0 |

*** Níor eisíodh aon Teastais Dréachta Athluachála sa bhliain 2021

## **Tábla 5:** Seirbhísí Teastais agus Cartlainne 2021

| Cineál Iarratais | Cineál Iarratais | Líon iarratas a fuarthas | Líon teastas a eisíodh |
|---|---|---|---|
| Teastas maidir le luacháil reatha | Sliocht deimhnithe ón liosta luachála atá ann cheana féin | 22 | 22 |
| Teastas Alt 67 | Teastas eisithe de bhun iarratas a rinneadh faoi Alt 67 d'Acht Luachála 2001 | 42 | 39 |
| Teastas maidir le Luacháil Stairiúil agus Mapa Luachála Deimhnithe | Sliocht deimhnithe ó thaifid na hOifige Luachála do thréimhse sonrach Mapa Deimhnithe na hOifige Luachála | 444 | 390 |
| Cuardach ginearálta ar Thaifid Luachála | Cóipeanna Neamhdheimhnithe do Thaifid na hOifige Luachála | 411 | 411 |

## **Tábla 6:** Achoimre ar iarratais faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise don bhliain 2021

| Iarratais ar Shaoráil Faisnéise | Líon Cásanna |
|---|---|
| Cásanna a fuarthas in 2021 | 6 |
| Iarratais a deonaíodh in 2021 | 6 |
| Iarratais a diúltaíodh in 2021 | 0 |
| Iarratais faoi réir ag athbhreithniú inmheánach | 0 |
| Iarratais a tarraingíodh siar | 0 |
| Cásanna a cuireadh ar aghaidh chuig an gCoimisinéir Faisnéise | 0 |

## **Tábla 7:** Achoimre ar ghearáin ó chustaiméirí a fuarthas le linn 2021

| Gearáin ó Chustaiméirí | Líon Cásanna |
|---|---|
| Líon gearán a fuarthas faoi *Cairt Custaiméirí* na hOifige Luachála | 3 |
| Líon gearán ar seasadh leo | 1 |

# Aguisín 2
## Caiteachas agus Ioncam 2021

| Caiteachas agus Ioncam – Vóta 16 | 2021 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Clár A – Soláthar Seirbhís Luachála Stáit** | | |
| **Caiteachas Reatha** | | |
| Tuarastail agus Pá | 7,783 | 7,535 |
| Taisteal agus Cothabháil | 125 | 101 |
| Oiliúint agus Forbairt agus Costais Theagmhasacha | 288 | 243 |
| Postas & Seirbhísí Teileachumarsáide | 71 | 53 |
| Trealamh Oifige agus Seirbhísí TF | 610 | 541 |
| Costais Mhaoin Oifige | 67 | 41 |
| Seirbhísí Comhairleoireachta & Athbhreithnithe ar Pholasaí VFM | 37 | 94 |
| Costais Dlí | 12 | 84 |
| An Clár Náisiúnta Athluachála | 1,399 | 652 |
| **Clár A – Caiteachas Reatha Iomlán** | **10,392** | **9,344** |
| Clár A – Caiteachas Caipitiúil | 1,030 | 310 |
| **Caiteachas Iomlán Chlár A** | **11,422** | **9,654** |
| | | |
| **Clár B – Soláthar Seirbhísí Riaracháin don Bhinse Luachála** | | |
| Tuarastail agus Pá | 436 | 309 |
| Caiteachas Neamhphá | 217 | 279 |
| **Clár B – Caiteachas Reatha Iomlán** | **653** | **588** |
| Clár B – Caiteachas Caipitiúil | 57 | 40 |
| **Caiteachas Iomlán Chlár B** | **710** | **628** |
| | | |
| **Ollchaiteachas Iomlán Vóta 16** | **12,132** | **10,282** |
| | | |
| **Ioncam (Leithreas i gCabhair)** | | |
| Táillí | 699 | 660 |
| Ilghnéitheach | 7 | 8 |
| Asbhaint maidir le Pinsean as an Luach Saothair | 251 | 229 |
| **Ioncam Iomlán faoi Vóta 16** | **957** | **895** |
| | | |
| **Glanchaiteachas Iomlán Vóta 16** | **11,175** | **9,387** |

Nóta: Tugtar breac-chuntas sa Tábla thuas ar an gcaiteachas agus ioncam iomlán do Vóta 16 ina iomláine a chlúdaíonn an Oifig Luachála (Clár A) agus an Binse Luachála neamhspleách (Clár B) araon. Níl obair an Bhinse Luachála laistigh de scóip na Tuarascála Bliantúla seo.

Nóta: Tá an caiteachas agus ioncam do 2021 sealadach, faoi réir ag iniúchadh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le linn 2021.

# Aguisín 3
## Achomhairc Luachála 2021

### Achomhairc a cuireadh faoi bhráid an Bhinse Luachála in 2021

| Cineál Achomhairc | Líon Cásanna Achomhairc | % d'Iomlán Cásanna Achomhairc |
|---|---|---|
| Achomhairc Athbhreithnithe | 108 | 2.5% |
| Achomhairc Athluachála | 17 | N/ |

### Achomhairc a cuireadh i gcrích in 2021

| Cineál Achomhairc | Líon Achomharc a cuireadh i gcrích |
|---|---|
| Achomhairc Athbhreithnithe | 104 |
| Achomhairc Athluachála | 541 |

### Briseadh anuas ar Achomhairc a cuireadh i gcrích de réir Toraidh

| Achomharc Athbhreithnithe agus Athluachála chuig an mBinse Luachála - Briseadh Anuas | | |
|---|---|---|
| **Toradh** | **Líon** | **% den iomlán** |
| Toradh Aontaithe nó Achomharc Géillte | 448 | 69.5% |
| Éisteacht Iomlán roimh an mBinse | 30 | 4.7% |
| Achomharc Doiciméid amháin | 5 | 0.7% |
| Tarraingthe Siar/Caite Amach | 162 | 25.1% |

| Briseadh anuas ar na 104 Achomharc Athbhreithnithe a cuireadh i gcrích roimh an mBinse Luachála | | |
|---|---|---|
| **Toradh** | **Líon** | **% den iomlán** |
| Toradh Aontaithe nó Achomharc Géillte | 49 | 47.2% |
| Éisteacht Iomlán roimh an mBinse | 12 | 11.5% |
| Achomharc Doiciméid amháin | 0 | 0.0% |
| Tarraingthe Siar/Caite Amach | 43 | 41.3% |

| Briseadh anuas ar na 541 Achomharc Athluachála a cuireadh i gcrích roimh an mBinse Luachála | | |
|---|---|---|
| **Toradh** | **Líon** | **% den iomlán** |
| Toradh Aontaithe nó Achomharc Géillte | 399 | 73.8% |
| Éisteacht Iomlán roimh an mBinse | 18 | 3.3% |
| Achomharc Doiciméid amháin | 5 | 0.9% |
| Tarraingthe Siar/Caite Amach | 119 | 22.0% |

* "Is ionann "Éisteacht Iomlán" agus cás inar thug an Binse Luachála breith.

# Aguisín 4

## Daoine bhí ina gCoimisinéirí Luachála agus ina bPríomh-Suirbhéirí Teorann

| | |
|---|---|
| Richard Griffith* | 1825 - 1868 |
| John Ball Greene | 1869 - 1892 |
| John G. Barton | 1893 - 1916 |
| James Carroll | 1917 - 1921 |
| Harris Firth | 1921 - 1922 |
| John Carbury | 1922 - 1928 |
| Joseph C. Gregg | 1928 - 1932 |
| John Herlihy | 1932 - 1941 |
| Cornelius Mc Elligott | 1941 - 1955 |
| John N. McGrath | 1955 - 1959 |
| John Mooney | 1959 - 1969 |
| James Goode | 1969 - 1973 |
| James N. McNicholl | 1973 - 1975 |
| Denis F. Ryan | 1975 - 1982 |
| Patrick B. Duffin | 1982 - 1987 |
| Thomas J. Barrett | 1987 - 1988 |
| Thomas P. O'Connor | 1988 - 1990 |
| James V. Rodgers | 1990 - 2005 |
| Gilbert Storrs | 2005 |
| Aidan Murray | 2005 - 2012 |
| Dermot B. Quigley | 2012 |
| John O'Sullivan | 2012 – 2021 |
| Declan Lavelle | 2021 |

* Príomh-Shuirbhéir Teorann ó 1825, Coimisinéir Luachála ó 1827

# Aguisín 5
## Rátaí Bliantúla ar Luacháil (ARV) don bhliain 2021 faoi mar a d'fhoilsigh Údaráis Áitiúla

| Údarás Áitiúil | ARV 2021 |
|---|---|
| Comhairle Contae Cheatharlach | 0.2571 |
| Comhairle Contae an Chabháin | 0.2010 |
| Comhairle Contae an Chláir | 72.99 |
| Comhairle Cathrach Chorcaí | 74.75 |
| Comhairle Contae Chorcaí | 74.75 |
| Comhairle Contae Dhún na nGall | 71.81 |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 0.2680 |
| Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | 0.1732 |
| Comhairle Contae Fhine Gall | 0.1796 |
| Comhairle Cathrach na Gaillimhe | 67.40 |
| Comhairle Contae na Gaillimhe | 66.59 |
| Comhairle Contae Chiarraí | 79.25 |
| Comhairle Contae Chill Dara | 0.2246 |
| Comhairle Contae Chill Chainnigh | 0.2000 |
| Comhairle Contae Laoise | 0.2217 |
| Comhairle Contae Liatroma | 0.2208 |
| Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh | 0.2677 |
| Comhairle Contae an Longfoirt | 0.2400 |
| Comhairle Contae Lú | 0.2100 |
| Comhairle Contae Mhaigh Eo | 78.42 |
| Comhairle Contae na Mí | 0.1938 |
| Comhairle Contae Mhuineacháin | 0.2260 |
| Comhairle Contae Uíbh Fhailí | 0.2198 |
| Comhairle Contae Ros Comáin | 0.2250 |
| Comhairle Contae Shligigh | 0.2300 |
| Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | 0.2760 |
| Comhairle Contae Thiobraid Árann | 0.1919 |
| Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge | 0.2648 |
| Comhairle Contae na hIarmhí | 0.1940 |
| Comhairle Contae Loch Garman | 0.2460 |
| Comhairle Contae Cill Mhantáin | 0.2170 |

# Aguisín 6
Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím mo fhreagracht as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialú airgeadais inmheánach ag an Oifig agus go bhfuil sé á oibriú aici. Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid dualgas eile mar Cheann Oifige. Ní féidir le córas ar bith rialú airgeadais inmheánach ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go seachnaítear earráidí agus mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é cothabháil chóras na rialuithe inmheánacha airgeadais agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras féin agus ar a éifeachtaí atá sé.

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhís Chomhroinnte (NSSO) feidhmeanna acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Is é Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an NSSO an tOifigeach Cuntasaíochta don Vóta sin, agus tá sé/sí freagrach as rialuithe a fheidhmiú laistigh de na hionaid seirbhíse comhroinnte. Tá mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe um bainistiú seirbhíse idir an Oifig Luachála agus Oifig Náisiúnta um Sheirbhís Comhroinnte sásaithe agam ó thaobh seirbhísí acmhainní daonna a sholáthar.

Tá próiseas iniúchta curtha i bhfeidhm ag an Oifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte le dearbhú neamhspleách a sholáthar laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Tuigim go bhfuil iniúchtaí á stiúradh ag comhlacht cuntasaíochta de réir Caighdeán Idirnáisiúnta um Dhearbhuithe Iontaofachta (ISAE 3402) atá leagtha amach le tuairisc a thabhairt do na ranna a bhaineann úsáid astu agus dá gcuid iniúchóirí maidir le rialuithe laistigh de sheirbhísí comhroinnt.

Cuimsíonn na hiniúchtaí (i) measúnú ullmhachta le rioscaí agus rialuithe gaolmhara a aithint agus le hanailís ar bhearnaí a chur ar fáil, ina dhiaidh sin (ii) tuairisc ar leagan amach na rialuithe atá ann cheana féin, agus (iii) tuarascáil bhliantúil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na rialuithe ag feidhmiú go héifeachtach.

Tá litir curtha ar fáil ag Oifigeach Cuntasaíochta an NSSO dom a thugann breac-chuntas ar an dul chun cinn ar fheidhmiú an phróisis dearbhaithe iniúchta, agus táthar ag dúil go dtuairisceofar liom faoi mar atá leagtha amach sa litir sin ar thorthaí an iniúchta ar leagan amach agus feidhmiú na rialuithe atá ann faoi láthair. Glacaim dearbhú ón gcóras rialaithe laistigh de na seirbhísí comhroinnte de réir mar a thuairiscíonn Oifigeach Cuntasaíochta NSSO iad.

## Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas:

- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leis sin
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais sannta
- tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe i dtaca le teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú

- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach
- tá doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta do na príomhphróisis gnó uile
- tá córais i bhfeidhm leis na sócmhainní a chosaint.

## Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta in áit, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas de tharmligean agus de chuntasacht agus, go háirithe, go bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh:

- tá córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar na tuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéis
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Oifig Luachála
- tá córais ann a bhfuil sé mar aidhm acu slándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte cuí ann do rialú infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíocht tionscadail
- cinntíonn an Oifig Luachála go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtais i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta in áit chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha soláthair go léir.

## Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánach ag an Oifig Luachála ina bhfuil foireann atá oilte go cuí agus a oibríonn de réir cairte scríofa atá faofa agamsa. Tá obair na feidhme sin bunaithe ar anailís ar rioscaí airgeadais a bhfuil an Oifig Luachála neamhchosanta orthu agus tá na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánacha, a fhaomhaimse, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach.

Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánach. Tá nósanna imeachta curtha in áit agam chun a chinntiú go dtarlaíonn gníomh leantach mar thoradh ar thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

### Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig, agus leis an gcóras sin sainaithnítear agus déantar tuairisciú ar phríomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, sa mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí ann ina sainaithnítear na príomhrioscaí a gcaithfidh an Oifig aghaidh a thabhairt orthu agus sainaithníodh na rioscaí sin agus rinneadh measúnú agus grádú orthu de réir na tábhachta a

bhaineann leo. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár sin gach ráithe. Baintear leas as torthaí na measúnuithe sin chun pleanáil a dhéanamh maidir le hacmhainní agus iad a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal atá inghlactha.

Déantar na bearta rialaithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú a leagan amach sa chlár rioscaí agus sanntar freagracht as feidhmiú na mbeart rialaithe sin do bhaill shonracha den fhoireann.

### Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh ar rialú in iúl go tráthúil do na daoine atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, más iomchuí.

Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus na bearta rialaithe lena mbaineann agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhbheart rialaithe sin agus chun tuairisciú a dhéanamh i ndáil le haon easnaimh a shainaithnítear.

### Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig Luachála chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Cuireann an obair a dhéanann iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach san Oifig atá freagrach as an gcreat rialála inmheánaigh airgeadais a fhorbairt, agus cothabháil a dhéanamh air, eolas ar fáil don mhonatóireacht agus don athbhreithniú a dhéanann an Oifig ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

### Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí maidir le rialú inmheánach airgeadais don bhliain 2021 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu, nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

Colm Lavery,
Oifigeach Cuntasaíochta



Block 2, Irish Life Centre,
Abbey Street Lower, Dublin, D01E9X0

**Tel:** +353 1 817 1000
**Fax:** +353 1 817 1180
**Web:** www.valoff.ie

**All Rating queries/requests for valuation reports etc.**
**Email:** valuationservices@valoff.ie

**Public Office-Archive Research/ Certified Extracts**
**Email:** info@valoff.ie

@VO_Ireland
Valuation Office Ireland

Oifig Luachála
Valuation Office